2012. S28T

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDU AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2012**

---

# TÍREOLAÍOCHT – ARDLEIBHÉAL

## ROINN 2 (90 marc)

---

**DE hAOINE, 8 MEITHEAMH – MAIDIN, 9.30 - 11.30**

**Nóta**: Tá **Roinn 1** den pháipéar seo i bhfillteán ar leithligh, mar a bhfuil spásanna le haghaidh do chuid freagraí. Ná dearmad, le do thoil, go gcaithfear **Fillteán** comhlánaithe **Roinn 1** a thabhairt ar ais le do fhreagarleabhar.


**ROINN 2 (90 marc)**

Freagair **TRÍ** cheist ar bith.

Tá na ceisteanna uile ar cómharc.

## Ceist 1. DROMCHLA AN DOMHAIN AGUS AN PLÁINÉAD SEO AGAINNE

### A. Fliuchras





(i) Ainmnigh an cineál fliuchrais a thaispeántar sa léaráid thuas.

(ii) Déan cur síos ar conas mar a tharlaíonn an cineál fliuchrais seo.

(10)

### B. Teicteonaic Phlátaí - Bolcáin




www.thelearningmag.com

(i) Ainmnigh sampla **amháin** de bholcán.

(ii) Agus tagairt agat don léaráid thuas, mínigh conas mar a tharlaíonn bolcáin.

(10)

### C. Síonchaitheamh

Mínigh, le cabair léaráide/léaráidí lipéadaithe, conas mar a tharlaíonn siocghníomhú.

(10)

**Ceist 2. AIBHNEACHA AGUS ACMHAINNÍ NÁDÚRTHA**

**A. Gné Abhann**

Ainmnigh gné **amháin** a chruthaítear mar thoradh ar **chreimeadh abhann** agus mínigh, le cabhair léaráide lipéadaithe, conas mar a cruthaíodh é.

(10)

**B. Soláthairtí Uisce**




(i) Cén téarma a thugtar ar uisce á spraeáil ar bharra go saorga mar a thaispeántar thuas?

(ii) Ainmnigh scéim **amháin** dá leithéid a bhfuil staidéar déanta agat uirthi.

(iii) Mínigh buntáiste **amháin** a bhaineann leis an scéim seo.

(iv) Mínigh míbhuntáiste **amháin** a bhaineann leis an scéim seo.

(10)

**C. Iascaireacht**

(i) Ainmnigh **dhá** chalafort iascaireachta in Éirinn.

(ii) Mínigh **dhá** chúis le ró-iascaireacht.


(iii) Déan cur síos ar **dhá** bheart is féidir a chur i gcrích chun stoic éisc a chaomhnú.

(10)

**Ceist 3.** **MEASCÁN TÍREOLAÍOCH**

Freagair **TRÍ CINN AR BITH** de na ceisteanna **3A, 3B, 3C, 3D**.

**3A. Pirimidí Daonra**




(i) Ainmnigh tír **amháin** le struchtúr daonra cosúil le Pirimid A.

(ii) Ainmnigh tír **amháin** le struchtúr daonra cosúil le Pirimid B.

(iii) Mínigh cúis **amháin** a bhfuil bonn níos leithne ag Pirimid B ná Pirimid A.

(iv) Luaigh **dhá** úsáid a bhaintear as pirimidí daonra.

(10)

**3B. Aerfótagraf**

Scrúdaigh an t-aerfótagraf a thugtar leis an bpáipéar seo.


(i) Agus na téarmaí cearta á n-úsáid agat (culra ar dheis etc.) déan sainaithint ar agus aimsigh suíomh oiriúnach d'óstán.

(ii) Mínigh **dhá** chúis go mbeadh an suíomh seo ina shuíomh oiriúnach d'óstán.

(10)

## Ceist 3. MEASCÁN TÍREOLAÍOCH (ar lean)

### 3C. Aeráidí an Domhain




Scrúdaigh an léarscáil thuas a thaispeánann suímh trí réigiún aeráide den domhan.

(i) Ainmnigh an cineál aeráide ag gach ceann de na h-áiteanna **A**, **B**, agus **C**.

(ii) Mínigh na saintréithe atá ag cineál **amháin** aeráide a bhfuil staidéar déanta agat air.

(10)

### 3D. Fuinneamh

(i) Ainmnigh sampla **amháin** d'fhuinneamh inathnuaite.

(ii) Mínigh aon **dá** thoisc fhisiceacha (nádúrtha) atá ag teastáil chun fuinneamh a tháirgeadh agus úsáid á baint as an bhfuinneamh inathnuaite a ainmníodh i gcuid (i) thuas.

(iii) Mínigh buntáiste **amháin** a bhaineann le fuinneamh inathnuaite.

(10)

**Ceist 4.** **UIRBIÚ, GNÍOMHAÍOCHT EACNAMAÍOCH AGUS FORBAIRT**

**A.** **Cathracha an Domhain**

(i) Ainmnigh cathair **amháin** le dlús ard daonra a bhfuil staidéar déanta agat uirthi.

(ii) Déan cur síos ar agus mínigh **dhá** fhadhb a bhaineann leis an gcathair a ainmníodh i bpáirt (i) thuas, de thoradh an dlús daonra ard.

(10)

**B.** **Gníomhaíocht Thionsclaíoch**


(i) Mínigh iarmhairt **amháin** atá ag gníomhaíocht thionsclaíoch ar an timpeallacht.

(ii) Mínigh conas mar atá athrú tagtha ar ról na mban sa tionsclaíocht le himeacht ama.

(10)

**C.** **Domhan Éagothrom**

**Domhan Éagothrom – An Scoilt 'Tuaisceart / Deisceart'**




www.rsrevision.com

'Níl leibhéil na forbartha geilleagraí cothrom ar fud an domhain.'

(i) Mínigh **trí** chúis a bhfuil leibhéal na forbairtha eacnamaíche níos isle sa 'deisceart'.

(ii) Ainmnigh **dhá** shlí inar féidir tabairt faoi sin a leasú.

(10)

**Ceist 5.** **LÉARSCÁIL NA SUIRBHÉIREACHTA ORDANÁIS AGUS AERFÓTAGRAF**

**A.** Scrúdaigh an **LÉARSCÁIL SUIRBHÉIREACHT ORDANÁIS** a tugadh duit.

Tarraing sracléarscáil den limistéar a thaispeántar ar an léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis.
Ar do shracléarscail **taispeáin** agus **lipéadaigh** gach ceann de na gnéithe seo a leanas:

- An líne iarnróid
- An limistéar faoi fhoirgnimh i gCora Droma Rúisc
- Limistéar ina bhfuil coillearnach nádúrtha
- Abhainn na Sionainne.

(10)

**B.** 'Bhí lonnaíocht sa limistéar a thaispeántar ar an léarscáil de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis i bhfad siar sa stair'.

Ainmnigh, aimsigh agus mínigh agus tagairtí eangaí sé fhigiúr á n-úsáid agat, aon **dá** shampla de lonnaíocht stairiúil ar an léarscáil.

(8)

**C.** Agus tagairt agat do **LÉARSCÁIL NA SUIRBHÉIREACHTA ORDANÁIS** agus an **tAERFÓTAGRAF** a tugadh duit, mínigh **trí** chúis a bhfuil Cora Droma Rúisc (agus an ceantar máguaird ar an léarscáil) ina cheann scríbe tábhachtach do thurasóirí.

(12)

# Leathanach Bán